# Iarscríbhinn III

# Coinníollacha maidir le deireadh a chur le fionraí na n-údaruithe margaíochta

## Coinníollacha maidir le deireadh a chur le fionraí na n-údaruithe margaíochta

Chun deireadh a chur le fionraí na n-údaruithe margaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn IB, cinnteoidh údaráis inniúla Bhallstáit den Aontas go mbeidh an coinníoll thíos comhlánaithe ag sealbhóir nó ag sealbhóirí an údaraithe margaíochta:

- Léiríodh bithchoibhéis i dtaca le táirge íocshláinte tagartha AE, bunaithe ar shonraí ábhartha, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 10 de Threoir 2001/83/CE (e.g. staidéar bithchoibhéise a rinneadh i dtaca le táirge íocshláinte tagartha AE mar atá sainithe in Airteagal 10(2)(a)), nó, maidir le táirgí úsáide seanbhunaithe, léiríodh bithchoibhéis i dtaca leis an táirge íocshláinte tagartha dá dtagraítear dó sa litríocht eolaíoch.